# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 9 - 15 Samhain 2024**

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 10 Samhain ag 9.00rn**
**Intinn:** Dos na mairbh go léir a fuair bás i rith na bliana.

**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 10 Samhain ag 10.00rn**
**Intinn:** Dos na mairbh go léir a fuair bás i rith na bliana.

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Micheál Ó Muimhneacháin 087-6551902

**Guí an Phobail**
Peig Uí Mhuircheartaigh (Ní Bheoláin), An Uaimh agus Fán, a fuair bás le déanaí.
Robert Weiss, Holyoke, Mass a fuair bás i rith na seachtaine.
Na daoine atá luaite ar liostaí na Samhna.

**Séipéal na Carraige,**
**Dé hAoine, 15 Samhain ag 7.00in**
**Intinn:** Denis, Nora, Julia agus Denis Shanahan, Co. Luimnigh, C.B.
**Dé Sathairn, 16 Samhain ag 7.30in**
**Intinn:** Dos na mairbh go léir a fuair bás i rith na bliana.

**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 17 Samhain ag 10.00rn**
**Intinn:** Páid agus Máirín Uí Shúilleabháin, An Ghráig, C.B.

**Carlo Acutis – Tionchaire Dé**
**(03/05/1991 - 12/10/2006)**
*'A bheith aontaithe i gcónaí le hÍosa: sin é plean mo shaoil.'*

**Aifrinntí i Rith na Seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 9.30rn,
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine ag 7.00in

**Biongó**
Beidh Biongó ar mhaithe le Ospidéal Pobail Chiarraí Thiar, ar siúl in Óstán na Sceilge, an Domhnach seo, 10 Samhain ag 7.00in. Fáilte roimh chách.

## Cabhair ag Teastáil
Táimid ag ullmhú do chuairt thaisí Carlo Acutis agus bheimis ana bhuíoch dá mbeadh daoine ábalta cabhrú don ócáid - glantóirí, maoir, garcabhair agus cabhrú le glanadh timpeall an tséipéil taobh amuigh. Más féidir libh cabhrú in aon tslí cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131/087-6951318.

## Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna
Tá na clúdaigh do Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna curtha amach anois. Buíochas ó chroí dos na daoine a thugann amach na clúdaigh dúinn. Téann an t-airgead ós na bailiúcháin seo go dtí tuarastal an tsagairt. Táimid ana bhuíoch as bhur gcabhair agus bhur bhflaithiúlacht agus guímid gach beannacht agus rath oraibh agus ar bhur muintir.
**Mas mian leat d'ainm a chur ar an liosta cuir glaoch ar Thigh ns Sagart.**



*Teas na gréine ort nár ghoille,*
*Ná sa gheimhreadh fraoch na spéire;*
*Níl anso do riar a thuilleadh,*
*Tabhair abhaile luach do shaothair…*
(Aistriúcháin le Máire Mhac an tSaoi ar 'Fear no more the heat of the sun')

**Clár do chuairt thaisí Carlo Acutis Bheannaithe**



Séipéal Naomh Uinseann, Baile an Fheirtéaraigh

**Dé hAoine, 22 Samhain 2024**

**2.00in –** Fáiltiú agus Paidreacha.

**2.15 - 6.00in -** Beannú le taisí Carlo Acutis

**6.00in –** Aifreann.

Beannú tar éis Aifrinn le taisí Carlo Acutis.

Adhradh na Naomh Shacraiminte 9.00in-10.00rn (thar oíche).

**Dé Sathairn, 23 Samhain 2024**

**10.00rn -** Aifreann agus Ungadh na nEaslán.

Beannú le taisí Carlo Acutis ina dhiaidh sin go dtí 4.00in.

**2.00 – 4.00in** – Faoistiní.

**4.00in -** Aifreann leis an Easpag Réamonn de Brún.

Taisí ag fágaint an pharóiste díreach i ndiaidh an Aifrinn clabhsúir.

**(Is féidir achainíocha a bheith scríte roimh ré agus iad a chur sa bhosca os comhair na haltóra)**

Bheimis buíoch dá bhféadfadh sibh daoine taobh amuigh den bparóiste a chur ar an eolas maidir leis an ócáid speisialta seo. Más mian leat uair a chloig nó níos mó a chaitheamh do Adhradh na Naomh Shacraiminte, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 087-6951318 nó r-phost oifig@yahoo.ie.

**'Impímid ort a ógánaigh naofa, teacht agus siúil inár measc'.**

(Faoistin Phádrag: 23)

**Horizons**

Beidh an tAthair Eoghan, ag caint maidir le cuairt thaisí Carlo Acutis, ar an gclár Horizons ar Raidió Chiarraí, an Domhnach, 17 Samhain ag 9.00rn.

**Oilithreacht na Gaeltachta go Lourdes 2025**

Beidh Oilithreacht na Gaeltachta go Lourdes ar siúl idir 14-19 Meán Fómhair, 2025. Eitilt ó Chorcaigh. Costas €969euro. Glaoigh ar Cathy 066-9151208.

**Machnamh An Chéad Léacht (1 Ríthe 17:10-16).**

Seo é ceann de scéalta an Bhíobla maidir leis an bhfáidh Éilias. Sa léacht seo deirtear linn gur ordaigh Dia do Éilias dul go ceantar pagánach na Siodóine. Tá comhrá ag Éilias le baintreach phagánach sa cheantar san agus glacann sí le iarratas Éilias roinnt bia agus dí a sholáthar dó. Tugann an fáidh geallúintí di go mbeidh deireadh leis an dtriomach sa tír go luath. Roghnaíodh an sliocht seo le dul mar gheall ar an gcúntas sa tsoiscéal faoi chianóg na baintrí.

**Ciste an Pharóiste 20/10/2024 - €890, 27/10/2024 - €1105, 03/11/2024 - €1220**
**Bailiúcháin Speisialta:** Domhnach na Misean €410. Commisiúin na hEaglaise €105.
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie